



C/2024/6967

14.11.2024

**MOLADH AN BHOIRD EORPAIGH UM RIOSCA SISTÉAMACH**

**an 27 Meán Fómhair 2024**

**Iena leasaítear Moladh BERS/2015/2 maidir leis an measúnú ar éifeachtaí trasteorann agus ar chómhálartacht dheonach beart beartais macrastuamachta**

**(BERS/2024/5)**

(C/2024/6967)

TÁ AN BORD GINEARÁLTA DON BHORD EORPACH UM RIOSCA SISTÉAMACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint don Chomhaontú ar an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch <sup>(1)</sup>, agus go háirithe Iarscríbhinn IX de,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 1092/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 maidir le formhaoirseacht macrastuamachta an Aontais Eorpaigh ar an gcóras airgeadais lena mbunaítear Bord Eorpach um Riosca Sistéamach <sup>(2)</sup>, agus go háirithe Airteagail 3, 16 agus 18 de,

Ag féachaint do Threoir 2013/36/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 maidir le rochtain ar ghníomhaíocht institiúidí creidmheasa agus maoirseacht stuamachta ar institiúidí creidmheasa, lena leasaítear Treoir 2002/87/CE agus lena n-aisghairtear Treoir 2006/48/CE agus Treoir 2006/49/CE <sup>(3)</sup>, agus go háirithe Roinn I de Chaibidil 4 de Theideal VII de,

Ag féachaint do Chinneadh BERS/2011/1 ón mBord Eorpach um Riosca Sistéamach an 20 Eanáir 2011 lena nglactar le Rialacha Nós Imeachta an Bhoird Eorpaigh um Riosca Sistéamach <sup>(4)</sup>, agus go háirithe Airteagail 18 go 20 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Chun bearta beartais macrastuamachta náisiúnta atá éifeachtach comhsheasmhach a áirithiú, tá sé tábhachtach an t-aitheantas a cheanglaítear faoi dhlí an Aontais a chomhlánú leis an gcómhálartacht dheonach.
- (2) Is é is aidhm don chreat maidir le cómhálartacht dheonach i ndáil le bearta beartais macrastuamachta a leagtar amach i Moladh BERS/2015/2 ón mBord Eorpach um Riosca Sistéamach <sup>(5)</sup> a áirithiú go ndéanfar na bearta beartais macrastuamachta ar fad atá bunaithe ar neamhchosaintí agus a ghníomhachtaítear i mBallstát amháin a chómhálartú sna Ballstáit eile.
- (3) An 18 Iúil 2023, thug Nationale Bank van België / Banque Nationale de Belgique (NBB/BNB), ag gníomhú dó mar an t-údarás ainmnithe chun críoch Airteagal 133(2) de Threoir 2013/36/AE, fógra don Bhord Eorpach um Riosca Sistéamach (BERS) go raibh sé ar intinn aige ráta an mhaoláin um riosca sistéamach eárnála (sSyRB) a forchuireadh roimhe sin, ar bhonn comhdhlúite, fo-chomhdhlúite agus aonair, ar gach risíocht mhiondíola inmheánach atá bunaithe ar rátálacha (internal ratings-based, IRB) ar dhaoine nádúrtha arna n-urrú le réadmhaoin chónaithe a bhfuil an chomhthaobhacht lonnaithe sa Bheilg ina leith a athchalabráil ó 9 % go 6 % ón 1 Aibreán 2024.
- (4) An 25 Lúnasa 2023, ghlac BERS Tuairim BERS/2023/7 ón mBord Eorpach um Riosca Sistéamach, <sup>(6)</sup> inar shonraigh sé go measann sé go bhfuil na rátaí maolánacha carnacha SyRB agus O-SII iomchuí agus éifeachtach chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí sainaitheanta do gach ceann de na hinstiúidí creidmheasa a thagann faoi raon feidhme an dá bheart sin.

<sup>(1)</sup> IO L 1, 3.1.1994, lch. 3.

<sup>(2)</sup> OJ L 331, 15.12.2010, lch. 1.

<sup>(3)</sup> OJ L 176, 27.6.2013, lch. 338.

<sup>(4)</sup> IO C 58, 24.2.2011, lch. 4.

<sup>(5)</sup> Moladh BERS/2015/2 ón mBord Eorpach um Riosca Sistéamach an 15 Nollaig 2015 maidir le measúnú ar éifeachtaí trasteorann beart beartais macrastuamachta agus maidir le cómhálartacht dheonach ina leith (IO C 97, 12.3.2016, lch. 9).

<sup>(6)</sup> Tuairim BERS/2023/7 ón mBord Eorpach um Riosca Sistéamach an 25 Lúnasa 2023 maidir le fógraí na Beilge faoi rátaí maolánacha O-SII a shocrú nó a athshocrú de bhun Airteagal 131 agus maolán um príacal sistéamach a shocrú nó a athshocrú de bhun Airteagal 133 de Threoir 2013/36/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le rochtain ar ghníomhaíocht institiúidí creidmheasa agus maoirseacht stuamachta ar institiúidí creidmheasa, atá le fáil ar shuíomh gréasáin BERS ag [www.esrb.europa.eu](http://www.esrb.europa.eu).

- (5) An 3 Deireadh Fómhair 2023, ghlac BERS Moladh BERS/2023/9 ón mBord Eorpach um Riosca Sistéamach chun (?) leanúint de ráta sSyRB arna ghníomhachtú agus arna athchalabrá go 6 % ag NBB/BNB a áireamh ar liosta na mbeart beartais macrastuamachta a mholtar a chómhálartú faoi Mholadh BERS/2015/2.
- (6) An 19 Iúil 2024, chuir NBB/BNB, ag gníomhú dó mar an t-údarás ainmnithe chun críoch Airteagal 133 de Threoir 2013/36/AE, iarraidh faoi bhráid BERS moladh a dhéanamh maidir le cómhálartú an bhirt beartais macrastuamachta ar tugadh fógra ina leith an 18 Iúil 2023, ar bhonn comhdhlúite, fo-chomhdhlúite agus aonair, de bhun Airteagal 134(5) de Threoir 2013/36/AE.
- (7) Trí chómhálartú ceanglas caipitil macrastuamachta arna ngníomhachtú ag údarás Ballstát eile, ar bhonn comhdhlúite, fo-chomhdhlúite agus aonair, beag beann ar na neamhchosaintí lena mbaineann a bheith á sealbhú trí fhochuideachtaí nó brainsí, nó mar thoradh ar iasachtú díreach trasteorann, cuirtear teorainn le sceitheadh agus arbatráiste rialála, téitear i ngleic le rioscaí sistéamacha agus, ar an gcaoi sin, cuirtear éifeachtacht fhoriomlán an bheartais macrastuamachta chun cinn trína áirithiú go dtugtar aghaidh ar rioscaí méadaithe ní hamháin sa Bhallstát a thug isteach an maolán um riosca sistéamach (SyRB) ach freisin i mBallstáit eile ina bhfuil grúpaí baincéireachta neamhchosanta ar na rioscaí méadaithe sin. Dá bhrí sin, ba cheart é a bheith d'aidhm ag an aitheantas freisin a áirithiú go mbeidh grúpaí baincéireachta atá neamhchosanta ar na rioscaí sistéamacha sin athléimneach go leor. Dá bhrí sin, ba cheart ceanglais chaipitil mhacrastuamachta a eascraíonn as cinneadh chun bearta macrastuamachta Ballstát eile a aithint a chur i bhfeidhm go ginearálta ar bhonn comhdhlúite, ar bhonn fo-chomhdhlúite agus ar bhonn aonair.
- (8) Chun aitheantas a thabhairt do ráta sSyRB na Beilge mar a d'iarr NBB/BNB, féadfaidh údarás inniúla agus/nó údarás ainmnithe ábhartha Ballstáit eile ráta SyRB a shocrú i gcomhréir le hAirteagail 134 agus 133 de Threoir 2013/36/AE.
- (9) I gcomhréir le hAirteagal 134(1) de Threoir 2013/36/AE, bheadh feidhm ag an aitheantas a thugann Ballstáit eile do ráta sSyRB na Beilge ar tugadh fógra ina leith maidir le risíochtaí atá lonnaithe sa Bheilg de chuid institiúidí atá údaraithe sna Ballstáit chómhálartúcháin.
- (10) I gcomhréir le hAirteagal 133(4) de Threoir 2013/36/AE, féadfar ráta maolánach riosca shistéamaigh a chur i bhfeidhm ar bhonn aonair, ar bhonn fo-chomhdhlúite nó ar bhonn comhdhlúite. Dá bhrí sin, má aithnítear ráta maolánach riosca shistéamaigh arna shocrú ag Ballstát eile, is féidir ráta maolánach riosca shistéamaigh a chur i bhfeidhm maidir le gach neamhchosaint ar bhonn comhdhlúite (lena n-áirítear neamhchosaintí arna sealbhú trí fhochuideachtaí atá lonnaithe i mBallstát eile).
- (11) Féadfar údar a thabhairt le himeacht ón gcur chuige ginearálta maidir le beart aitheanta beartais macrastuamachta na Beilge a chur i bhfeidhm ar bhonn aonair, ar bhonn fo-chomhdhlúite agus ar bhonn comhdhlúite araon i gcásanna áirithe, mar shampla i gcás ina measann na húdaráis chómhálartúcháin go ndéantar na rioscaí sistéamacha sin a mhaolú go leordhóthanach agus go hiomchuí cheana féin leis na ceanglais mhacrastuamachta nó mhicreastuamachta atá ann cheana agus a chuirtear i bhfeidhm sa Bhallstát ina bhfuil an grúpa baincéireachta comhdhlúite.
- (12) Moltar i Moladh BERS/2015/2 ó BERS, arna leasú le Moladh BERS/2017/4, (\*)gur cheart don údarás ábhartha a ghníomhaíonn beart beartais macrastuamachta, agus iarraidh ar chómhálartú á cur faoi bhráid BERS aige, tairseach ábharthachta a mholadh ar faoina bun is féidir a mheas go bhfuil neamhchosaint soláthraí seirbhíse airgeadais aonair ar an riosca macrastuamachta sainaitheanta sa dlínse ina gcuireann an t-údarás gníomhachtaithe an beart beartais macrastuamachta i bhfeidhm neamhábhartha. Féadfaidh BERS tairseach eile a mholadh má mheastar gur gá sin.
- (13) Tar éis iarraidh na Beilge ar chómhálartú an bhirt ag Ballstáit eile a fuarthas an 19 Iúil 2024 agus chun cosc a chur ar theacht chun cinn éifeachtaí diúltacha trasteorann i bhfoirm sceite agus arbatráiste rialála a d'fhéadfadh a bheith mar thoradh ar chur chun feidhme an bhirt beartais macrastuamachta a thioctaidh chun bheith infheidhme sa Bheilg, chinn Bord Ginearálta BERS leanúint den bheart ar tugadh fógra ina leith an 18 Iúil 2023 a áireamh ar liosta na mbeart beartais macrastuamachta a mholann sé a chómhálartú faoi Mholadh BERS/2015/2, agus a mholadh go

(?) Moladh BERS/2023/9 ón mBord Eorpach um Riosca Sistéamach an 3 Deireadh Fómhair 2023 lena leasaítear Moladh BERS/2015/2 maidir le measúnú ar éifeachtaí trasteorann agus ar chómhálartacht dheonach beart beartais macrastuamachta (IO C, C/2023/899, 14.11.2023, ELI: <http://data.europa.eu/eli/C/2023/899/oj>).

(\*) Moladh BERS/2017/4 ón mBord Eorpach um Riosca Sistéamach an 20 Deireadh Fómhair 2017 lena leasaítear Moladh BERS/2015/2 maidir le measúnú ar éifeachtaí trasteorann agus ar chómhálartacht dheonach beart beartais macrastuamachta (IO C 431, 15.12.2017, lch. 1).

ndéanfaí an beart a chómhgartú ar bhonn comhdhlúite, fo-chomhdhlúite agus ar bhonn aonair i gcomhréir leis an iarraidh ar chómhgartú a fuarthas ó NBB/BNB. Chinn Bord Ginearálta BERS tairseach ábharthachta institiúid-sonrach EUR 2 bhilliún a mholadh freisin. Féadfaidh na húdaráis ábhartha a dhéanann an beart a chómhgartú institiúidí a dhíolmhú ón gceanglas maoláin um priacal sistéamach ar choinníoll nach mó a risíochtaí ábhartha ná EUR 2 bhilliún. Ós rud é gur cheart feidhm a bheith ag an mbeart atá le heisiúint mar aitheantas ar ráta sSyRB na Beilge ar tugadh fógra ina leith ar bhonn comhdhlúite freisin, ba cheart measúnú a dhéanamh ar shuim na risíochtaí arna sealbhú trí bhraintí, trí iasachtú trasteorann díreach agus trí fhochuideachtaí in aghaidh na tairisí ábharthachta.

(14) Mar sin, ba cheart Moladh BERS/2015/2 a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN MOLADH SEO A GHLACADH:

### **Leasuithe**

Leasaítear Moladh BERS/2015/2 faoi mar a leanas:

- (1) i Roinn 1, fomholadh C(1), cuirtear an méid seo a leanas in ionad an bhirt faoin mBeilg:  
‘— ráta maoláin um riosca sistéamach 6 % ar gach neamhchosaint mhiondíola IRB ar dhaoine nádúrtha a urraítear le maoin chónaithe dho-aistrithe a bhfuil an chomhthaobhacht ina leith lonnaithe sa Bheilg, is infheidhme ón 1 Aibreán 2024.’;
- (2) Leasaítear an Iarscríbhinn i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Moladh seo.

Arna dhéanamh in Frankfurt am Main, an 27 Meán Fómhair 2024.

*Ceann Rúnaíocht BERS,  
Ar son Bhord Ginearálta BERS  
Francesco MAZZAFERRO*

## IARSCRÍBHINN

Cuirtear an méid seo a leanas in ionad na hlarscríbhíne a ghabhann le Moladh BERS/2015/2:

(1) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an bhirt faoin mBeilg:

**'Maoláin um riosca sistéamach 6 % ar gach neamhchosaint mhiondíol IRB a urraítear le maoin chónaithe dho-aistrithe a bhfuil an chomhthaobhacht ina leith lonnaithe sa Bheilg.:'**

(2) faoin mBeilg, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na roinne dar teideal 'I Tuairisc ar an mbeart':

I. Cur síos ar an mbeart

2. Ón 1 Aibreán 2024 forchuirtear le beart na Beilge, arna chur i bhfeidhm i gcomhréir le hAirteagal 133 de Threoir 2013/36/AE ráta maoláin um riosca sistéamach 6 % ar neamhchosaintí miondíola IRB ar dhaoine nádúrtha a urraítear le maoin chónaithe dho-aistrithe a bhfuil an chomhthaobhacht ina leith lonnaithe sa Bheilg (neamhchosaintí nár mhainnigh agus neamhchosaintí a mhainnigh araon).

2a. Tá feidhm ag an mbeart ar bhonn comhdhlúite, fo-chomhdhlúite agus aonair.;

(3) faoin mBeilg, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na roinne dar teideal 'II Cómhálartú':

II. An Cómhálartú

3. Moltar do na húdaráis ábhartha beart na Beilge a chómhálartú trína chur i bhfeidhm maidir le neamhchosaintí miondíola IRB ar dhaoine nádúrtha a urraítear le maoin chónaithe dho-aistrithe a bhfuil an chomhthaobhacht ina leith lonnaithe sa Bheilg (ina neamhchosaintí nár mhainnigh agus ina neamhchosaintí a mhainnigh araon). De rogha air sin, is féidir an beart a chómhálartú trí úsáid a bhaint as an raon feidhme seo a leanas i dtuairisciú COREP: Neamhchosaintí ar mhiondíol IRB a urraítear le maoin chónaithe dho-aistrithe i leith daoine aonair atá lonnaithe sa Bheilg (ina neamhchosaintí nár mhainnigh agus ina neamhchosaintí a mhainnigh araon).

4. Mura bhfuil an beart beartais macrastuamachta céanna ar fáil ina ndlínse, moltar do na húdaráis ábhartha, i ndiaidh dul i gcomhairle le BERS, beart beartais macrastuamachta atá ar fáil ina ndlínse a chur i bhfeidhm lena bhfuil an éifeacht is coibhéisí leis an mbeart thuas a mholtar a chómhálartú, lena n-áirítear bearta agus cumhachtaí maoirseachta a leagtar síos i dTeideal VII, Caibidil 2, Cuid IV de Threoir 2013/36/AE a ghlacadh. Moltar do na húdaráis ábhartha an beart coibhéiseach a ghlacadh tráth nach déanaí ná trí mhí tar éis fhoilsiú an Mholta seo in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

4a. Tar éis iarraidh a fháil ó NBB/BNB, moltar go ndéanfadh údaráis ábhartha beart na Beilge a chómhálartú trína chur i bhfeidhm ar bhonn aonair, fo-chomhdhlúite agus comhdhlúite, gan beann ar cé acu a shealbhaítear na neamhchosaintí lena mbaineann trí fhochuideachtaí nó trí bhraintí nó a eascraíonn siad as iasachtú díreach trasteorann.;

(4) faoin mBeilg, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na roinne dar teideal 'III Tairseach Ábharthachta':

III. Tairseach Ábharthachta

5. Déantar an beart a chomhlánú le tairseach ábharthachta atá sonrach d'institiúid chun cur i bhfeidhm ionchasach an phrionsabail *de minimis* ag na húdaráis ábhartha a bheidh an beart á chómhálartú acu a stiúradh. Féadfar institiúidí a dhíolmhú ón gceanglas maoláin um riosca sistéamach ar acht nach mó ná EUR 2 bhilliún a neamhchosaintí earnála ábhartha. Dá bhrí sin, ní iarrtar an cómhálartú ach amháin nuair a rachfar thar an tairseach atá sonrach d'institiúid.

5a. Ba cheart gach risíocht arna sealbhú trí bhraintí agus trí iasachtú díreach trasteorann agus trí fhochuideachtaí a áireamh i ríomh na risíochtaí arna measúnú in aghaidh na tairisí ábharthachta.

6. I gcomhréir le Cuid 2.2.1 de Mholadh BERS/2015/2, is leibhéal uasta tairisí a mholtar tairseach ábharthachta EUR 2 mbilliún. Dá bhrí sin, in ionad an tairseach mholta a chur i bhfeidhm, féadfaidh údaráis ábhartha atá ag cómhálartú tairseach is ísle a shocrú dá ndlínsí i gcás inarb iomchuí, nó an beart a chómhálartú gan aon tairseach ábharthachta.

7. I gcás nach bhfuil aon institiúidí creidmheasa údaraithe sna Ballstáit a bhfuil neamhchosaintí ábhartha sa Bheilg acu, féadfaidh údaráis ábhartha na mBallstát lena mbaineann, de bhun Chuid 2.2.1 de Mholadh BERS/2015/2, a chinneadh gan bearta na Beilge a chómhgartú. Sa chás sin, ba cheart do na húdaráis ábhartha faireachán a dhéanamh ar ábharthacht na neamhchosaintí agus moltar dóibh bearta na Beilge a chómhgartú i gcás go sáródh institiúid chreidmheasa an tairseach ábharthachta molta.'

---